2025/1328

29.8.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1328 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meitheamh 2025

lena gcuirtear chun feidhme Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí theimpléid choiteanna a bhunú chun faisnéis a aistriú ó bhunachair sonraí náisiúnta feidhmíochta fuinnimh foirgneamh chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh ([1]), agus go háirithe Airteagal 22(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 22(1) de Threoir (AE) 2024/1275 ceanglaítear ar gach Ballstát bunachar sonraí náisiúnta a chur ar bun le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh lenar féidir sonraí a bhailiú maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh aonair agus maidir le feidhmíocht fuinnimh fhoriomlán an stoic náisiúnta foirgneamh. Leis an mbunachar sonraí, beifear in ann sonraí a bhailiú ó na foinsí ábhartha uile a bhaineann le deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, cigireachtaí, an pas athchóirithe, an táscaire ullmhachta cliste agus ídiú fuinnimh ríofa nó méadraithe na bhfoirgneamh a chumhdaítear.

(2) De bhun Airteagal 22(5) de Threoir (AE) 2024/1275, uair sa bhliain ar a laghad, áiritheoidh na Ballstáit go n-aistreofar an fhaisnéis sa bhunachar sonraí náisiúnta chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh. Ceadaítear do na Ballstáit an fhaisnéis a aistriú níos minice.

(3) Chun a áirithiú go mbeidh aistriú na faisnéise chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh iomlán agus go ndéanfar é ar bhealach struchtúrtha, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as uirlisí digiteacha agus ualach riaracháin nach bhfuil gá leis á sheachaint, ba cheart struchtúr, formáid, sonraí teicniúla agus próiseas an aistrithe sin a leagan amach agus a léiriú i dteimpléid choiteanna.

(4) Chun comhsheasmhacht le hAirteagal 20(8) agus le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2024/1275 agus le hIarscríbhinn V a ghabhann léi a áirithiú, ba cheart gnéithe áirithe arna dtarraingt ó dheimhnithe feidhmíochta fuinnimh a áireamh san fhaisnéis a aistrítear chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh.

(5) Chun comhsheasmhacht le hAirteagal 22(2) de Threoir (AE) 2024/1275 a áirithiú, ba cheart a áireamh san fhaisnéis a aistrítear chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh faisnéis phoiblí maidir le líon iomlán na bhfoirgneamh nó na n-aonad foirgnimh nó an t-achar urláir iomlán sa stoc náisiúnta foirgneamh.

(6) Chun comhsheasmhacht le hAirteagal 22 agus Airteagal 24(3) de Threoir (AE) 2024/1275 a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit faisnéis a aistriú maidir le líon na gcigireachtaí a dhéantar ar chórais téimh, aerála agus aerchóirithe.

(7) Chun comhsheasmhacht le hAirteagal 22, Airteagal 12(7), Airteagal 19(6) agus Airteagal 20(8) de Threoir (AE) 2024/1275 agus Iarscríbhinn VIII a ghabhann léi a áirithiú, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit faisnéis áirithe faoi phasanna athchóirithe foirgneamh a tharchur.

(8) Ba cheart do na Ballstáit an chéad aistriú faisnéise óna mbunachair sonraí náisiúnta le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a dhéanamh in 2027, lena gcumhdófaí an tréimhse idir sprioc-am trasuí Threoir (AE) 2024/1275 an 29 Bealtaine 2026 agus an 31 Nollaig 2026.

([1]) IO L, 2024/1275, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj.

(9) Níor cheart do na Ballstáit sonraí pearsanta a tharchur chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh de réir bhrí Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Sula dtarchuirfear an fhaisnéis, ba cheart do na Ballstáit aon sonraí pearsanta a anaithnidiú trí chomhiomlánú ar leibhéal na tíre.

(10) Rinneadh measúnú idir-inoibritheachta de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) i ndáil le Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh, agus cuireadh an tuarascáil a tháinig as sin ar fáil go poiblí ar an Tairseach um Eoraip Idir-Inoibritheach.

(11) Is féidir na sonraí comhiomlánaithe a bhailítear faoin Rialachán seo a athúsáid le haghaidh staitisticí Eorpacha i gcomhréir leis na prionsabail a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 33(1) de Threoir (AE) 2024/1275,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar amach sa Rialachán seo teimpléid choiteanna chun faisnéis a aistriú ó na bunachair sonraí náisiúnta le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'sainordaitheach (S)' catagóir faisnéise is gá do na Ballstáit a chur faoi bhráid Fhaireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh;

(2) ciallaíonn 'sainordaitheach má tá fáil air (Smtfa)' catagóir faisnéise nach gá do na Ballstáit a chur isteach ach amháin má tá an fhaisnéis sin ar fáil dóibh tráth a chuirtear an fhaisnéis isteach;

(3) ciallaíonn 'sainordaitheach más infheidhme (Smi)' catagóir faisnéise is gá do na Ballstáit a chur isteach má cheanglaítear sin le reachtaíocht an Aontais nó leis an reachtaíocht náisiúnta;

(4) ciallaíonn 'deonach (D)' catagóir faisnéise a chuireann na Ballstáit isteach ar bhonn deonach.

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (IO L, 2024/903, 22.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/903/oj).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj).

Airteagal 3

Amlíne agus nós imeachta chun an fhaisnéis a aistriú

1. Aistreoidh na Ballstáit an fhaisnéis maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh óna mbunachair sonraí náisiúnta le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh faoin 15 Márta 2027 agus uair sa bhliain ar a laghad ina dhiaidh sin.

2. Aistreoidh na Ballstáit an fhaisnéis chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh tríd an roinn thiomnaithe de ríomhardán an Choimisiúin, arna bunú de bhun Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

3. Aistreoidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 óna mbunachar sonraí náisiúnta le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh de réir na formáide a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 4

Raon feidhme agus leibhéal comhiomlánaithe na faisnéise atá le haistriú

1. Aistreoidh na Ballstáit an fhaisnéis a uaslódáladh chuig a mbunachair sonraí náisiúnta le linn na bliana féilire roimhe sin (bliain aistrithe na faisnéise lúide bliain amháin).

2. Déanfar an fhaisnéis a bheidh le haistriú a chomhiomlánú ar leibhéal na tíre agus ní áireofar sonraí pearsanta inti de réir bhrí Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679.

3. Déanfar comhiomlánú na faisnéise ar leibhéal na tíre i gcomhréir leis na foirmlí a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Airteagal 5

Faisnéis ó dheimhnithe feidhmíochta fuinnimh agus faoin stoc náisiúnta foirgneamh

1. I gcás gach bliana féilire dá dtagraítear in Airteagal 4(1), aistreoidh na Ballstáit chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le deimhnithe feidhmíochta fuinnimh:

(a) sciar na bhfoirgneamh sa stoc iomlán náisiúnta foirgneamh a chumhdaítear le deimhnithe bailí feidhmíochta fuinnimh;

(b) líon na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint;

(c) achar urláir iomlán na bhfoirgneamh ar eisíodh teastais feidhmíochta fuinnimh ina leith [m^2];

(d) meánúsáid fuinnimh phríomhúil bhliantúil arna ríomh ó na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint[kWh/(m^2.bl)];

(e) tomhaltas fuinnimh phríomhúil carnach arna ríomh ó na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint [MWh/bl];

(f) meánúsáid fuinnimh deiridh bhliantúil arna ríomh ó na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint [kWh/(m^2.bl)];

(g) tomhaltas fuinnimh deiridh carnach arna ríomh ó na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint [MWh/bl];

(h) meánriachtanais fuinnimh arna ríomh ó na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint [kWh/(m^2.bl)];

([5]) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32018R1999).

(i) táirgeadh carnach fuinnimh in-athnuaite ar an láthair arna ríomh ó na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint [MWh/bl];

(j) astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) oibríochtúla carnacha arna ríomh ó na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint [tCO_2eq/bl];

(k) meánastaíochtaí GCT oibríochtúla ó na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint [$kgCO_2eq/(m^2.bl)$];

(l) meánphoitéinseal téimh dhomhanda ar feadh saolré, i gcás ina mbeidh fáil air, ó na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint [$kgCO_2eq/m^2$];

(m) an líon foirgneamh a bhfuil sé d'acmhainn acu freagairt do chomharthaí seachtracha, de réir aicme fuinnimh, ó na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint;

(n) an líon foirgneamh ag a bhfuil córas dáileacháin teasa laistigh den fhoirgneamh atá in ann oibriú ar leibhéil teochta ísle nó níos éifeachtúla, ó na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint.

2. Aistreoidh na Ballstáit chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh an fhaisnéis phoiblí chomhiomlánaithe anaithnidithe maidir leis an líon iomlán foirgneamh nó aonad foirgnimh nó an t-achar urláir iomlán sa stoc náisiúnta foirgneamh.

3. Soláthróidh na Ballstáit míniú ginearálta ar na scéimeanna náisiúnta deimhniúcháin um fheidhmíocht fuinnimh, agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Tabharfar an míniú sin nuair a dhéanfar an chéad aistriú faisnéise chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh agus gach uair ina dhiaidh sin nuair is gá an míniú a thabhairt cothrom le dáta tar éis athruithe ar na scéimeanna náisiúnta deimhniúcháin um fheidhmíocht fuinnimh.

Airteagal 6

Faisnéis ó thuarascálacha maidir le cigireachtaí ar chórais téimh, aerála agus aerchóirithe

1. I gcás gach bliana féilire dá dtagraítear in Airteagal 4(1), aistreoidh na Ballstáit chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh an líon cigireachtaí ar chórais téimh, aerála agus aerchóirithe a rinneadh an bhliain sin, arna dtarraingt ó na tuarascálacha maidir le cigireachtaí ar chórais téimh, aerála agus aerchóirithe.

2. Soláthróidh na Ballstáit míniú ginearálta ar na scéimeanna náisiúnta maidir le cigireachtaí ar chórais téimh, aerála agus aerchóirithe, agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Tabharfar an míniú sin nuair a dhéanfar an chéad aistriú faisnéise chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh agus gach tráth ina dhiaidh sin nuair is gá an míniú a thabhairt cothrom le dáta tar éis athruithe ar na scéimeanna náisiúnta.

Airteagal 7

Faisnéis ó phasanna athchóirithe

I gcás gach bliana féilire dá dtagraítear in Airteagal 4(1), aistreoidh na Ballstáit chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le pasanna athchóirithe:

(a) an líon pasanna athchóirithe arna n-eisiúint;

(b) meánfheidhmíocht fuinnimh reatha na bhfoirgneamh, i bhfuinneamh príomhúil [$kWh/(m^2.bl)$];

(c) aicme feidhmíochta fuinnimh mheasta na bhfoirgneamh tar éis na céimeanna athchóirithe uile a chur i gcrích [$kWh/(m^2.bl)$];

(d) an coigilteas fuinnimh measta iomlán i dtomhaltas fuinnimh phríomhúil nó deiridh ([6]) tar éis na céimeanna athchóirithe uile a chur i gcrích [MWh/bl];

(e) meánchoigilteas fuinnimh measta i dtomhaltas fuinnimh phríomhúil nó deiridh ([7]) tar éis na céimeanna athchóirithe uile a chur i gcrích, i gcéatadán feabhais i gcomparáid leis an tomhaltas fuinnimh sula ndéantar an t-athchóiriú [%];

([6]) Má dhéantar coigilteas a mheas i dtomhaltas fuinnimh deiridh amháin.
([7]) Má dhéantar coigilteas a mheas i dtomhaltas fuinnimh deiridh amháin.

(f) an coigilteas oibríochtúil measta iomlán ar astaíochtaí GCT tar éis na céimeanna athchóirithe uile a chur i gcrích [tCO_2eq/bl];

(g) an meánchoigilteas oibríochtúil measta ar astaíochtaí GCT tar éis na céimeanna athchóirithe uile a chur i gcrích [$kgCO_2eq/bl$];

(h) an meánchoigilteas costais measta ar bhillí fuinnimh tar éis na céimeanna athchóirithe uile a chur i gcrích [EUR/foirgneamh nó aonad foirgnimh/bl];

(i) an mheán-infheistíocht mheasta chun na céimeanna athchóirithe uile a chur i gcrích [míle EUR/m^2].

Airteagal 8

Faisnéis ó tháscaire ullmhachta cliste

I gcás gach bliana féilire dá dtagraítear in Airteagal 4(1), aistreofar an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an táscaire ullmhachta cliste chuig an bhFaireachlann um Stoc Foirgneamh ó dháta chur i bhfeidhm Ghníomh Tarmligthe an Choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Threoir (AE) 2024/1275 agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus as na foirmlí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.:

(a) an líon foirgneamh a fuair táscaire ullmhachta cliste;

(b) meánscór táscaire ullmhachta chliste na bhfoirgneamh dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) meánscór chun éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fhoriomlán le linn úsáide na bhfoirgneamh dá dtagraítear i bpointe (a) a bharrfheabhsú;

(d) meánscór chun an oibríocht a chur in oiriúint do riachtanais áititheoir na bhfoirgneamh dá dtagraítear i bpointe (a);

(e) meánscór chun oiriúnú do chomharthaí ón eangach foirgneamh dá dtagraítear i bpointe (a).

Airteagal 9

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Tábla 1

Dáta aistrithe na faisnéise agus an bhliain a dtuairiscítear sonraí ina leith

Faisnéis atá le haistriú	**AITHEAN-TÓIR** ([1])
Dáta aistrithe na faisnéise	S
An bhliain a dtuairiscítear sonraí ina leith	S

2. DEIMHNITHE FEIDHMÍOCHTA FUINNIMH

Tábla 2

Faisnéis faoi scéimeanna deimhnithe feidhmíochta fuinnimh

Faisnéis atá le haistriú					**AITHEAN-TÓIR**
Foirgnimh chónaithe					
1.	Cathain a tugadh isteach an scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh atá ann faoi láthair? (lá/mí/bliain)				S
2.	Tuairisc ghairid ar an scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh atá ann faoi láthair ([2]).Tabhair naisc ar an suíomh gréasáin chuig cur síos agus reachtaíocht ábhartha.				S
3.	Conas a shanntar an deimhniú feidhmíochta fuinnimh: in aghaidh an fhoirgnimh, in aghaidh an aonaid foirgnimh?				S
4.	An bhfuil úsáid fuinnimh an fhoirgnimh bunaithe ar úsáid fuinnimh ríofa nó méadraithe?				S
4.1.	Bunaithe ar fhuinneamh ríofa				Tá/Níl
4.2.	Bunaithe ar fhuinneamh méadraithe				Tá/Níl
4.3.	Bunaithe ar mheascán d'fhuinneamh ríofa agus méadraithe				Tá/Níl
5.	Neasraon costais le haghaidh deimhnithe sa tréimhse thuairiscithe				Smtfa
raon costais san airgeadra náisiúnta íosluach uasluach		*raon costais in EURO íosluach uasluach*			
6.	An ndearnadh athbhreithniú ar an scéim náisiúnta le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh chun na forálacha nua faoi Airteagail 19, 20 agus 21 de Threoir (AE) 2024/1275 a thrasuí?				S
RINNEADH/NÍ DHEARNADH					

([1]) S = sainordaitheach, Smi = sainordaitheach más infheidhme, Smtfa = sainordaitheach má tá fáil air, D = deonach.

([2]) Tuairisc ghairid ar mhodheolaíocht le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, e.g. conas a shainítear na haicmí fuinnimh, cé acu atá nó nach bhfuil siad éagsúil le haghaidh tithe aonteaghlaigh agus foirgnimh ilteaghlaigh, bídís i bhfuinneamh príomhúil iomlán nó eile, má tá baint ag scála astaíochtaí GCT leis, etc.

Faisnéis atá le haistriú			**AITHEAN-TÓIR**
6.1. Má rinneadh athbhreithniú ar an scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh náisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 19, 20 agus 21 de Threoir (AE) 2024/1275, líon isteach an tábla thíos. Déan an tábla thíos a mhacasamhlú de réir mar is gá má tá an scéim éagsúil ar fud na bhfochineálacha foirgneamh cónaithe.			Smi
Cineál foirgnimh	*(sonraigh an cineál foirgnimh cónaithe, e.g. teach aonteaghlaigh, foirgneamh ilteaghlaigh)*		Smi
Aonad tomhais: kWh/(m².bl)	Íosteorainn	Uasteorainn	
aicme fuinnimh A + ([3])			Smi
aicme fuinnimh A0 ([4])			Smi
aicme fuinnimh A			Smi
aicme fuinnimh B			Smi
aicme fuinnimh C			Smi
aicme fuinnimh D			Smi
aicme fuinnimh E			Smi
aicme fuinnimh F			Smi
aicme fuinnimh G			Smi
6.2. Mura ndearnadh athbhreithniú ar an scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, líon isteach an fhaisnéis thíos maidir leis na haicmí le haghaidh na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh atá ann faoi láthair, na raonta comhfhreagracha agus an t-aonad tomhais. Is féidir na sraitheanna thíos a mhéadú de réir mar is gá chun gach aicme fuinnimh den scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh atá ann faoi láthair a líonadh isteach. Déan an tábla thíos a mhacasamhlú de réir mar is gá má tá an scéim éagsúil ar fud na bhfochineálacha foirgneamh cónaithe.			Smi
Cineál foirgnimh	*(sonraigh an cineál foirgnimh cónaithe, e.g. teach aonteaghlaigh, foirgneamh ilteaghlaigh)*		Smi
Aonad tomhais: kWh/(m².bl)	Íosteorainn	Uasteorainn	
an aicme fuinnimh is airde			Smi
an dara haicme fuinnimh is airde			Smi
....			Smi
an aicme fuinnimh is ísle			Smi

([3]) Le breithniú má tá sé beartaithe ag an mBallstát aicme fuinnimh A+ a thabhairt isteach, agus sa chás sin amháin.
([4]) Le breithniú má tá aicme fuinnimh A0 i bhfeidhm ag an mBallstát agus má tá sé beartaithe aige í a chaomhnú tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, agus sa chás sin amháin.

Faisnéis atá le haistriú	AITHEAN-TÓIR
6.3. Mura bhfuil Airteagal 19 de Threoir (AE) 2024/1275 trasuite go fóill ag an mBallstát, tabhair tuairisc thíos ar an gcaoi a ndéantar aicmí fuinnimh atá ann faoi láthair a oiriúnú chun an fhaisnéis a aistriú chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh ar an teimpléad seo le haicmí fuinnimh ó G go A+ ([5]).	Smi

Foirgnimh neamhchónaithe	
1. Cathain a tugadh isteach an scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh atá ann faoi láthair? (lá/mí/bliain)	S
2. Tuairisc ghairid ar an scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh atá ann faoi láthair ([6]).Tabhair naisc ar an suíomh gréasáin chuig cur síos agus reachtaíocht ábhartha.	S
3. Conas a shanntar an deimhniú feidhmíochta fuinnimh: in aghaidh an fhoirgnimh, in aghaidh an aonaid foirgnimh?	S
4. An bhfuil úsáid fuinnimh an fhoirgnimh bunaithe ar úsáid fuinnimh ríofa nó méadraithe?	S
4.1. Bunaithe ar fhuinneamh ríofa	Tá/Níl
4.2. Bunaithe ar fhuinneamh méadraithe	Tá/Níl
4.3. Bunaithe ar mheascán d'fhuinneamh ríofa agus méadraithe	Tá/Níl

5. Neasraon costais le haghaidh deimhnithe sa tréimhse thuairiscithe				Smtfa
raon costais san airgeadra náisiúnta íosluach uasluach		*raon costais in EURO íosluach uasluach*		

6. An ndearnadh athbhreithniú ar an scéim náisiúnta le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh chun na forálacha nua faoi Airteagail 19, 20 agus 21 de Threoir (AE) 2024/1275 a thrasuí?	S
RINNEADH/NÍ DHEARNADH	

6.1. Má rinneadh athbhreithniú ar an scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh náisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 19, 20 agus 21 de Threoir (AE) 2024/1275, líon isteach an tábla thíos. Déan an tábla thíos a mhacasamhlú de réir mar is gá má tá an scéim éagsúil ar fud na bhfochineálacha foirgneamh neamhchónaithe.	Smi

([5]) Mar shampla, déanfar na haicmí fuinnimh A+ agus A++ a bhí ann roimhe seo a chumasc chuig aicme fuinnimh A+ chun faisnéis a aistriú chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh. Mar shampla eile, má chuimsíonn aicme fuinnimh B fo-aicmí B1, B2, B3, ansin déanfar faisnéis charnach na dtrí fho-aicme sin a chumasc in aicme fuinnimh B. Tabhair tuairisc ar na comhfhreagrachtaí sin sa chill shonrach den tábla.

([6]) Tuairisc ghairid ar an modheolaíocht le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, e.g. conas a shainítear na haicmí fuinnimh, cé acu atá nó nach bhfuil siad éagsúil le haghaidh tithe aonteaghlaigh agus foirgnimh ilteaghlaigh, bídís i bhfuinneamh príomhúil iomlán nó eile, má tá baint ag scála astaíochtaí GCT leis, etc.

Faisnéis atá le haistriú			**AITHEAN-TÓIR**
Cineál foirgnimh	*(sonraigh an cineál foirgnimh neamhchónaithe, e.g. foirgneamh oifigí, foirgneamh oideachais, ospidéal)*		Smi
Aonad tomhais: kWh/(m².bl)	Íosteorainn	Uasteorainn	
aicme fuinnimh A + (7)			Smi
aicme fuinnimh A0 (8)			Smi
aicme fuinnimh A			Smi
aicme fuinnimh B			Smi
aicme fuinnimh C			Smi
aicme fuinnimh D			Smi
aicme fuinnimh E			Smi
aicme fuinnimh F			Smi
aicme fuinnimh G			Smi
6.2. Mura ndearnadh athbhreithniú ar an scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, líon isteach an fhaisnéis thíos maidir leis na haicmí le haghaidh na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh atá ann faoi láthair, na raonta comhfhreagracha agus an t-aonad tomhais. Is féidir na línte thíos a mhéadú de réir mar is gá chun gach aicme fuinnimh den scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh atá ann faoi láthair a líonadh isteach. Déan an tábla thíos a mhacasamhlú de réir mar is gá má tá an scéim éagsúil ar fud na bhfochineálacha foirgneamh neamhchónaithe.			Smi
Cineál foirgnimh	*(sonraigh an cineál foirgnimh neamhchónaithe, e.g. foirgneamh oifigí, foirgneamh oideachais, ospidéal)*		Smi
Aonad tomhais: kWh/(m².bl)	Íosteorainn	Uasteorainn	
an aicme fuinnimh is airde			Smi
an dara haicme fuinnimh is airde			Smi
....			Smi
an aicme fuinnimh is ísle			Smi
6.3. Mura bhfuil Airteagal 19 de Threoir (AE) 2024/1275 trasuite go fóill ag an mBallstát, tabhair tuairisc thíos ar an gcaoi a ndéantar aicmí fuinnimh atá ann faoi láthair a oiriúnú chun an fhaisnéis a aistriú chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh ar an teimpléad seo le haicmí fuinnimh ó G go A+ (9).			Smi

(7) Le breithniú má tá sé beartaithe ag an mBallstát aicme fuinnimh A+ a thabhairt isteach, agus sa chás sin amháin.

(8) Le breithniú má tá aicme fuinnimh A0 i bhfeidhm ag an mBallstát agus má tá sé beartaithe aige í a chaomhnú tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, agus sa chás sin amháin.

(9) Mar shampla, déanfar na haicmí fuinnimh A+ agus A++ a bhí ann roimhe seo a chumasc chuig aicme fuinnimh A+ chun faisnéis a aistriú chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh. Mar shampla eile, má chuimsíonn aicme fuinnimh B fo-aicmí B1, B2, B3, ansin déanfar faisnéis charnach na dtrí fho-aicme sin a chumasc in aicme fuinnimh B. Tabhair tuairisc ar na comhfhreagrachtaí sin sa chill shonrach den tábla.

Tábla 3

Iomlán an stoic foirgneamh ([10])

Bliain tuairiscithe ([11])										
Táscaire	Aonad	Iomlán cónaithe agus neamhchónaithe	Iomlán cónaithe	Astu sin		Iomlán neamhchónaithe	Astu sin			
				Tithe aonteaghlaigh	Foirgnimh ilteaghlaigh		Oifigí	Foirgnimh oideachais	Ospidéil ([12])	Neamhchónaithe eile
AITHEANTÓIR		S	S	Smtfa	Smtfa	S	Smtfa	Smtfa	Smtfa	Smtfa
An líon iomlán foirgneamh	[uimh.]									
An líon iomlán aonad foirgnimh ([13])	[uimh.]									
Achar urláir úsáideach iomlán foirgneamh	[m2]									

([10]) Foirgnimh a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2024/1275, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1).
([11]) Le haghaidh an tábla seo, is fearr faisnéis ón mbliain roimhe (bliain-1). Mura féidir í sin a thabhairt, is féidir faisnéis ó bhliain-2 a aistriú ina hionad. Sonraigh an bhliain tuairiscithe.
([12]) Sna táblaí uile san Iarscríbhinn seo, áirítear sa chatagóir 'Ospidéil' foirgnimh cúraim sláinte agus cúraim shóisialta.
([13]) I gcás foirgnimh neamhchónaithe, bíonn an líon aonad foirgnimh 'Smtfa - Sainordaitheach má tá fáil air'.

Tábla 4

Sciar na bhfoirgneamh sa stoc náisiúnta foirgneamh a chumhdaítear le deimhnithe feidhmíochta fuinnimh [%] ([14]) ([15])

Bliain tuairiscithe ([16])										
Táscaire	Aonad	Iomlán cónaithe agus neamhchónaithe	Iomlán cónaithe	Astu sin		Iomlán neamhchónaithe	Astu sin			
				Tithe aonteaghlaigh	Foirgnimh ilteaghlaigh		Oifigí	Foirgnimh oideachais	Ospidéil ([17])	Neamhchónaithe eile
AITHEANTÓIR		S	S	Smtfa	Smtfa	S	Smtfa	Smtfa	Smtfa	Smtfa
An sciar foirgneamh	[%]									
An sciar aonad foirgnimh	[%]									
An sciar d'achar urláir úsáideach foirgneamh	[%]									

([14]) Sa tábla seo, ní bhíonn ach an sciar a úsáidtear sa scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh sa Bhallstát 'éigeantach' nó 'éigeantach má tá fáil air'. Mar shampla, má eisítear na deimhnithe feidhmíochta fuinnimh le haghaidh aonaid foirgnimh (e.g. i gcás foirgnimh chónaithe), tá sé sainordaitheach nó sainordaitheach má tá fáil air an fhaisnéis faoi sciar na n-aonad foirgnimh a bhfuil deimhnithe feidhmíochta fuinnimh acu a aistriú sa stoc náisiúnta foirgneamh iomlán. Mar a léirítear in Aithris (34) de Threoir (AE) 2024/1275, 'maidir le foirgnimh úsáidte measctha, lena n-áirítear aonaid foirgnimh chónaithe agus aonaid foirgnimh nach aonaid foirgnimh chónaithe iad araon, féadfaidh na Ballstáit leanúint de rogha a dhéanamh iad a láimhseáil mar fhoirgnimh chónaithe nó foirgnimh nach foirgnimh chónaithe iad.'

([15]) Is éard atá sa sciar sin an cóimheas idir an líon foirgneamh nó aonad foirgnimh nó achar an urláir le deimhnithe feidhmíochta fuinnimh a fuarthas le himeacht ama, agus líon iomlán foirgneamh nó aonad foirgnimh nó achar urláir an stoic náisiúnta foirgneamh iomláin mar a thuairiscítear i dTábla 3 faoi seach. Má thagraíonn an fhaisnéis i dTábla 3 do bhliain eile seachas bliain-1 (an bhliain roimhe sin), mínigh conas a ríomhtar an sciar sin (e.g. tuairiscítear é do stoc bhliain-2, tuairiscítear é do stoc measta i mbliain-1).

([16]) Sonraigh an bhliain tuairiscithe.

([17]) Sna táblaí uile san Iarscríbhinn seo, áirítear sa chatagóir 'Ospidéil' foirgnimh cúraim sláinte agus cúraim shóisialta.

Tábla 5

An líon iomlán deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint sa bhliain tuairiscithe

Aicmí fuinnimh	Foirgnimh nua								Foirgnimh atá ann cheana							
	Iomlán cónaithe	Astu sin:		Iomlán neamhchónaithe	Astu sin:				Iomlán cónaithe	Astu sin:		Iomlán neamhchónaithe	Astu sin:			
		Tithe aonteaghlaigh	Foirgnimh ilteaghlaigh		Oifigí	Foirgnimh oideachais	Ospidéil	Neamhchónaithe eile		Tithe aonteaghlaigh	Foirgnimh ilteaghlaigh		Oifigí	Foirgnimh oideachais	Ospidéil	Neamhchónaithe eile
AITHEANTÓIR	*S*	*Smtfa*	*Smtfa*	*S*	*Smtfa*	*Smtfa*	*Smtfa*	*Smtfa*	*S*	*Smtfa*	*Smtfa*	*S*	*Smtfa*	*Smtfa*	*Smtfa*	*Smtfa*
Aonad	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*	*[uimh.]*
Aicme fuinnimh A+ ([18])																
Aicme fuinnimh A0 ([19])																
Aicme fuinnimh A																
Aicme fuinnimh B																
Aicme fuinnimh C																
Aicme fuinnimh D																
Aicme fuinnimh E																
Aicme fuinnimh F																
Aicme fuinnimh G																
Iomlán na n-aicmí fuinnimh																

([18]) Le breithniú má tá sé beartaithe ag an mBallstát aicme fuinnimh A+ a thabhairt isteach, agus sa chás sin amháin. Tá sé seo bailí le haghaidh na dtáblaí comhchosúla uile ón Iarscríbhinn seo.

([19]) Le breithniú má tá aicme fuinnimh A0 i bhfeidhm ag an mBallstát agus má tá sé beartaithe aige í a chaomhnú tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, agus sa chás sin amháin. Tá sé seo bailí le haghaidh na dtáblaí comhchosúla uile ón Iarscríbhinn seo.

Tábla 6

Achar urláir iomlán foirgneamh ag a bhfuil deimhnithe feidhmíochta fuinnimh a eisíodh sa bhliain tuairiscithe [m²]

Aicmí fuinnimh	Foirgnimh nua								Foirgnimh atá ann cheana							
	Iomlán cónaithe	Astu sin:		Iomlán neamhchónaithe	Astu sin:				Iomlán cónaithe	Astu sin:		Iomlán neamhchónaithe	Astu sin:			
		Tithe aonteaghlaigh	Foirgnimh ilteaghlaigh		Oifigí	Foirgnimh oideachais	Ospidéil	Neamhchónaithe eile		Tithe aonteaghlaigh	Foirgnimh ilteaghlaigh		Oifigí	Foirgnimh oideachais	Ospidéil	Neamhchónaithe eile
AITHEANTÓIR	*S*	*Smtfa*	*Smtfa*	*S*	*Smtfa*	*Smtfa*	*Smtfa*	*Smtfa*	*S*	*Smtfa*	*Smtfa*	*S*	*Smtfa*	*Smtfa*	*Smtfa*	*Smtfa*
Aonad	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*	*[m²]*
Aicme fuinnimh A+																
Aicme fuinnimh A0																
Aicme fuinnimh A																
Aicme fuinnimh B																
Aicme fuinnimh C																
Aicme fuinnimh D																
Aicme fuinnimh E																
Aicme fuinnimh F																
Aicme fuinnimh G																
Iomlán na n-aicmí fuinnimh																

Tábla 7

Meánúsáid fuinnimh phríomhúil sna deimhnithe feidhmíochta fuinnimh arna n-eisiúint sa bhliain tuairiscithe [kWh/(m².bl)]

Aicmí fuinnimh	Foirgnimh nua								Foirgnimh atá ann cheana							
	Iomlán cónaithe	Astu sin:		Iomlán neamhchónaithe	Astu sin:				Iomlán cónaithe	Astu sin:		Iomlán neamhchónaithe	Astu sin:			
		Tithe aonteaghlaigh	Foirgnimh ilteaghlaigh		Oifigí	Foirgnimh oideachais	Ospidéil	Neamhchónaithe eile		Tithe aonteaghlaigh	Foirgnimh ilteaghlaigh		Oifigí	Foirgnimh oideachais	Ospidéil	Neamhchónaithe eile
